C/2025/4657

18.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12084 — PLD / NBIM / GERMAN REAL ESTATE ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4657)

1. An 8 Lúnasa 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Prologis L.P. ('PLD', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Prologis Inc. (na Stáit Aontaithe),

— NBIM Nerva S.à.r.l. ('NBIM', an Iorua), faoi rialú Norges Bank (an Iorua),

— Cúig mhaoin lóistíochta ('Sprioc-Shócmhainní 2025', an Ghearmáin) atá le fáil ó Union Investment Real Estate GmbH.

Gheobhaidh PLD agus NBIM rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Sprioc-Shócmhainní 2025 trí Prologis European Logistics Partners Holdings S.à.r.l. (Lucsamburg), comhfhiontar neamh-lánfheidhme atá faoi rialú comhpháirteach PLD agus NBIM. Leanann an comhchruinniú sin idirbheart in 2024 idir na gnóthais chéanna a bhaineann le dhá mhaoin lóistíochta sa Ghearmáin.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá réadmhaoin faoi úinéireacht PLD, agus déanann sé an réadmhaoin sin a oibriú agus a fhorbairt, chun críoch tionsclaíoch go príomha, i Meiriceá, san Eoraip agus san Áis,

— Baineann gníomhaíochtaí gnó NBIM le hinfheistíochtaí institiúideacha le haghaidh Government Pension Fund Global na hIorua, agus díríonn siad ar infheistíochtaí domhanda lena n-áirítear infheistíochtaí réadmhaoine i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus sa tSeapáin.

3. Is éard atá i Sprioc-Sócmhainní 2025 cúig shócmhainn réadmhaoine i bhfoirm maoine lóistíochta atá lonnaithe in Rhine-Westphalia Thuaidh agus i nDúiche na Réine agus an Phalaitíneacht sa Ghearmáin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12084 — PLD / NBIM / GERMAN REAL ESTATE ASSETS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË